

Gabh mo chosaoid, a Chormaic

[McKenna, L.: *The Book of O'Hara*, Dublin, 1951, poem 22]

1 Gabh mo chosaoid, a Chormuic,
a ua na ríogh ro-orrdhruic,
a shlat amra do chlár Chéin,
a lámh tarra gan toibhéim.

2 Dom chosaoid dá-ríribh ribh
táinicc meisi ar cuairt chugaibh,
a bheangáin do chineadh Chuiric,
a leannáin fhileadh n-orrdhuirc.

3 Tugsad uaisle cláir Chonnla
cúl rinn in t-aois ealodhna;
a chaor bhuidh ar chách a gcath
in tráth nó in uair dá égnach.

4 Clann nDálaigh is daghfhuil Néill
do-chuadar uile dh'éinmhéin,
a ghéag nach bhfaghair folamh,
a n-aghaidh na healadhan.

5 A thriath laochraidhi Luighni,
doid as cóir ar ccobhairni,
a shlat théagair ón Mháidh mhoill,
ní cóir gan fhéagain oroinn.

6 A shlat réidh ó Luimneach Luirc,
a bhile do lár lubhghuirt,
a ré lán in taoibh thaloin,
ní dán daoibh do dhearphamoir.

7 Cuimhneach uaisli chloinne Céin,
a lámh nach toilleann toibhéim;
cuimhneach tú do mhuigh Mhodha,
ní fhoil red chlu comhrogha.

8 A dearmad nír mhéaduigh mé
an ingheansoin Maoil Mhuire;
éasga glan finntighe Floinn,
gabh a himpidhi oroinn. Gabh mo chosaoid

Isam sgítheach aniu a nGleann Fhiadha a mBaoidhiollchaibh. Ag sin doid a Chormuic Í Eadhra agus sgoth leis ód chaomh ód charoid Tuathal O hUiginn, 7 ní fheadar cia do-ríne an dán beag-sa ro sgríobhus daoibhsi go fóill.